

# Eleathanach315

Dé Luain 4 Márta 2019

## *Dancing with the Stars: cúigear fágtha!*

Tá an clár *Dancing with the Stars* ar siúl faoi láthair. Dé Domhnaigh bhí Johnny Ward ag damhsa ar an gclár, cé go bhfuair a athair bás thar an deireadh seachtaine. Rinne Nicky comhbhrón leis ag tús an chláir.

Ar an gclár Dé Domhnaigh bhí an moltóir Julian Benson ar ais. Le coicís anuas bhí sé tinn agus ní raibh sé ar an bpainéal le Lorraine agus Brian.

Bhí ar na damhsóirí damhsa a dhéanamh lena bpáirtí agus bhí orthu damhsa a dhéanamh mar ghrúpa chomh maith. Bhí trí chúpla ag damhsa mar fhoireann agus trí chúpla eile mar ghrúpa eile.

Bhí ar Denis Bastick, an t-imreoir peile le Baile Átha Cliath, agus Clelia Murphy, an t-aisteoir ó *Fair City*, damhsa i gcoinne a chéile. Cheap na moltóirí go raibh Clelia níos fearr agus tá Denis Bastick imithe ón gclár.



## **Stoirm Freya: Sneachta ag titim!**

Dé Domhnaigh bhí rabhadh buí faoin aimsir sa tír toisc go raibh Stoirm Freya ag teacht inár dtreo. I lár an lae thosaigh sneachta ag titim in áiteanna sa tír. Bhí Ciarraí agus Muineachán ag imirt peile i gcoinne a chéile i gCill Áirne agus bhí ar dhaoine an sneachta a ghlanadh ón bpáirc sular thosaigh an cluiche.

Bhí codanna de na mótarbhealaigh dúnta ar an M7 agus M8 de bharr na haimsire. Bhí an trácht go dona agus bhí sé dainséarach ar bhóithre áirithe sa tír.

An t-am seo anuraidh bhí sneachta ar fud na tíre agus bhí scoileanna dúnta. Is cosúil nach bhfanfaidh an sneachta seo ar an talamh agus nach mbeidh aon scoil dúnta!

An t-ainm a bheidh ar an gcéad stoirm mhór eile ná Stoirm Gareth. Nuair a thagann an stoirm sin b'fhéidir go mbeidh níos mó sneachta againn.

## **Seachtain na Gaeilge 2019**

Thosaigh Seachtain na Gaeilge Dé hAoine, 1 Márta. Bíonn "SnaG" ar siúl gach bliain, ach bíonn an méid sin imeachtaí ar siúl as Gaeilge go maireann sé níos mó ná seacht lá. Anois cuirtear tús leis an bhféile Ghaeilge seo ar Lá an Mhárta, agus leanann sé ar aghaidh go Lá Fhéile Pádraig.

De ghnáth bíonn a lán imeachtaí Gaelacha ar siúl i scoileanna na tíre. Tá eolas ar fáil ar [www.snag.ie](http://www.snag.ie) agus ar aip SnaG freisin.

I measc na n-ambasadóirí do sheachtain na Gaeilge i mbliana, tá Linda Ervine as Béal Feirste. Ní raibh aon Ghaeilge aici 8 mbliana ó shin, ach anois tá sí tiomanta don Ghaeilge agus ag moladh do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid le linn na seachtaine.



Triúr ambasadóir do SnaG



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas,  
Ollscoil Mhá Nuad, OÉMN.

